Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Márta 2022
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0262(COD)**

**6445/22**
**ADD 2 REV 2**

**CODEC 194**
**SOC 95**
**EMPL 61**
**SAN 108**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2004/37/CE maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an obair **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráitis |

**Ráiteas ón gCoimisiún - Táirgí íocshláinte guaiseacha**

Cuireann an Coimisiún chun suntais a thábhachtaí atá sé oibrithe a chosaint ar na héifeachtaí díobhálacha ar an tsláinte is féidir a bheith ag nochtadh do tháirgí íocshláinte guaiseacha áirithe ag an obair.

I ndáil leis sin, aithnítear go dtagann táirgí íocshláinte guaiseacha áirithe faoi raon feidhme Threoir 2004/37/CE, is é sin, táirgí íocshláinte guaiseacha áirithe ina bhfuil substaint amháin nó roinnt substaintí a chomhlíonann na critéir maidir le haicmiú mar shubstaint atá carcanaigineach (catagóirí 1A nó 1B), só-ghineach (catagóirí 1A nó 1B) nó tocsaineach maidir le síolrú (catagóirí 1A nó 1B) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008.

**Ráiteas ón gCoimisiún – Plean gníomhaíochta agus tograí reachtacha**

Na hoibleagáidí a fhorchuirtear ar an gCoimisiún sa tríú mír d'Airteagal 18a maidir le plean gníomhaíochta a thíolacadh agus togra reachtach a thíolacadh, ní féidir leo dul i gcoinne shainchumais institiúideacha an Choimisiúin ná i gcoinne a chirt tionscnaimh, rud a thagann go díreach ó na Conarthaí.

Sa tríú mír d'Airteagal 18a, tagraítear d'Airteagal 16 de Threoir 2004/37/CE, ina leagtar síos oibleagáid teorainnluachanna a leagan síos ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, i ndáil leis na substaintí uile sin a bhfuil an méid sin indéanta ina leith. Agus an fhoráil seo á cur chun feidhme aige, iarrtar ar an gCoimisiún freisin an plean gníomhaíochta dá dtagraítear sa tríú mír d'Airteagal 18a a thíolacadh. Ar chúiseanna trédhearcachta, is éard a bheidh sa phlean gníomhaíochta sin liosta de na chéad 25 shubstaint nua nó leasaithe eile a mbeidh meastóireacht eolaíoch déanta orthu. Beidh na meastóireachtaí ar na substaintí a liostaítear ina gcuid den nós imeachta bunaithe lena n-áirítear comhairliúchán leis na comhpháirtithe sóisialta, tuairim an Choiste Chomhairligh um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, agus measúnú tionchair lena n-ullmhaítear aon togra reachtach is gá in am trátha.

**Ráiteas ón mBulgáir, ón gCipir, ón Danmhairg ón Eastóin, ó Éirinn, ón nGearmáin, ón Laitvia, ón Liotuáin, ó Lucsamburg, ón Ostair, ón bPortaingéil, ón Rómáin, ón tSlóvaic, ón Ungáir**

Tacaíonn an Bhulgáir, an Chipir, an Danmhairg, an Eastóin, Éire, an Ghearmáin, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ostair, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic, an Ungáir le haon bheart chun sábháilteacht agus sláinte oibrithe a fheabhsú. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh dóibh an dul chun cinn atá déanta ní hamháin maidir le teorainnluachanna nua agus níos déine a leagan síos do charcanaiginí ach maidir le raon feidhme na Treorach a leathnú chuig substaintí atá tocsaineach maidir le síolrú.

Is trua, áfach, go ndearnadh athruithe suntasacha den sórt sin gan baint a bheith ag an gCoiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair leo. Bheadh sé inmhianaithe anailís mhionsonraithe a dhéanamh ar cé acu airteagal nó foráil ba cheart a bheith i bhfeidhm nó nach mbeadh i bhfeidhm i ndáil le tocsaineacht maidir le síolrú. Baineann sé sin go háirithe leis na ceanglais íosta maidir le faireachas sláinte.